



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Prátaí a Fhás ar Scoil





Am na Bliana

Eanáir-Aibreán

Aidhm

Chun léiriú do pháistí conas prátaí luatha a fhás is féidir a bhaint i mí an Mheithimh agus prátaí príomhbharra ar féidir a bhaint i Meán Fómhair.

Acmhainní de dhíth

Síolta orgánacha na gcéad phrátaí luatha, mar shampla Home Guard, Sharpe's Express, Red Duke of York, Arran Pilot, Orla and Rocket, orgánach, prátaí saor ó dhúchan Sapro Mira mar phríomhbharra, liáin láimhe, múirín gairdín nó aoileach atá lofa go maith, sreangán plandála, cartáin uibhe folamh, fásann prátaí málaí mura bhfuil leapacha ardaithe ar fáil.

Ábharthacht Thras-Churaclaim

OSIE: Rudaí beo, ag taiscéal/ ag déanamh taighde, ag taifeadadh, ag breathnú
Mata: Ag tomhas, ag taifeadadh, foghlaim ghníomhach
Litearthacht: Focail nua, scríbhneoireacht, litriú
Ealaín: Ag déanamh comharthaí, grianghraif
Curacclam Neamhfhoirmiúil: Food Dudes, Bia Sláintiúil, Discover Primary Science



Péacadh go luath

Déan na síolta prátaí deimhnithe a ordú i mí na Nollag ionas go mbeidh na chéad chinn luath réidh le haghaidh péacadh luath i mí Eanáir. Tugann péacadh luath tús níos luaithe dóibh ionas gur féidir iad a phlandáil timpeall Lá Fhéile Pádraig agus a bhaint thart ar 80 lá ina dhiaidh sin. Nuair a thagann siad seo cuir iad i gcartáin uibhe folamh i gcuid fhionnuar den seomra ranga a fhaigheann an méid is lú solais. Déan cinnte go bhfuil na foircinn leis na "súile" is mó os a chionn. Is bachlóga beaga bídeacha iad na súile seo as a bhfásann gais nua agus tugtar an rós ar an gcuid seo den phrátaí. Fásfaidh péacáin ghearra, giortacha ó na súile seo. Má tá na síolta nochtaithe don iomarca solais agus teasa fásfaidh na péacáin fada agus go spionmhar.

Sláinte agus Sábháilteacht

- ★ Nigh na lámha tar éis a phlandáil.
- ★ Ná fág uirlisí cosúil le rámhainní atá suite ar an talamh.
- ★ Caith aon tiúbair atá glas ar leataobh mar go bhfuil siad seo nimhiúil. Casann siad glas nuair a bhíonn siad nochtaithe do sholas na gréine.





Plandaíil

1. Má tá leaba ardaithe agat, ní mór duit ar dtús aon fhiaíil a bhaint atá ag fás ann. Ansin ní mór duit neart múirín de dhéantús baile, múirín glasraí nó aoileach capall atá lofa go maith a thochailt isteach sa leaba. Ag baint úsáide as rialóir adhmaid do thomhas déan poill 15cm domhain agus 30 cm óna chéile sa leaba. Cuir prátaí atá péacaithe go luath isteach i ngach poll agus clúdaigh le hithir nó múirín.
2. Mura bhfuil leaba ardaithe agat, is féidir leat plandaí a dhéanamh na tiúbair i málaí láidre heiseáin, málaí brúscair, málaí athchúrsáilte nó mála prátaí ag fás. Cuir gréan draenála nó clocha beaga leis an mbonn de gach mála le haghaidh draenála. Déan poill dhraenála má tá siad in easnamh ar na málaí. Cuir thart ar 15cm ithreach móide meascán múirín sa mhála. Tá cóimheas 50:50 oiriúnach. Ar bharr na háite seo cuir 3 thiúbair péacaithe. Clúdaigh iad seo le thart ar 10cm den mheascán. De réir mar a thosaíonn na gais ag fás ag cuir níos mó meascán fáis timpeall orthu. Má tá siad ag fás i mála heiseáin rollaigh suas an mála de réir mar a mhéadaíonn tú an meascán. Stop ag rolladh nuair a bhaintear airde 45 cm amach. Ná lig do mhálaí triomú.



Iarchúram

Nuair a bhíonn na gais phrátaí le feiceáil os cionn na talún agus tá siad thart ar 20cm ar airde clúdaigh na gais le hithir ag fágáil an 5cm barr nochtaithe don solas. Críochnóidh tú suas le dumhaí feadh na sraitheanna. Tugtar “taoscadh” ar an bpróiseas seo. Coscann sé na tiúbair ó chasadh go glas rud a dhéanann iad nimhiúil. Cuidíonn sé freisin chun an barr a mhéadú. Má tá sioc geallta clúdaigh an leaba le sean nuachtáin nó lomra. Is inslitheoir é lomra ar féidir a cheannach in ionaid ghairdín.



Ag Baint

Nuair a thosaíonn na bláthanna ag dul in olcas i mí an Mheithimh tá sé in am chun na prátaí a thochailt le forc.



Príomhbharra

I lár mhí Aibreáin is féidir leat príomhbharra prátaí saor ó dhúchan a fhás mar Sapro Mira. Plandaigh iad seo 30cm seo óna chéile i sraitheanna 60cm óna chéile agus 12 go 15cm domhain. Beidh siad réidh le baint tar éis laethanta saoire an tsamhraidh 16 go 20 seachtaine tar éis plandaíil.

Gníomhaíocht Síneadh

Cuir na chéad phrátaí luatha taobh amuigh i mí an Mhárta i 4 mhála éagsúla meánmhéide:



- ★ Mála 1-Ithir amháin (Rialú).
- ★ Mála 2-Ithir agus múirín scoile (50/50).
- ★ Mála 3-Ithir agus múirín saor ó mhóin (50/50).
- ★ *Mála 4-Ithir agus múirín ithreach-bhunaithe m.sh., John Innes Uimh. 3 (50/50). Déan dul chun cinn a thaifeadadh i ngach mála agus meáigh an fómhár.